Limistéar Cathrach na Gaillimhe

# An tInnéacs Siúil agus Rothaíochta 2023

Foilsithe i mí an Mhárta 2024



NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

sustrans



# Brollach

## An fhís atá againn do dhaoine a dhéanann turais de shiúl na gcos, ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi agus ar rothar i Limistéar Cathrach na Gaillimhe



**Clr. Eddie Hoare, Comhairle Cathrach na Gaillimhe:**

Mar Mhéara ar Chathair na Gaillimhe, táim an-sásta fáilte a chur roimh an gcéad Innéacs Siúil agus Rothaíochta do Limistéar Cathrach na Gaillimhe. Sa tuarascáil seo, leagtar béim ar na tairbhí sláinte, comhshaoil agus eacnamaíocha a bhaineann le siúl agus rothaíocht i nGaillimh, chomh maith leis an ról tábhachtach a bheidh ag an taisteal gníomhach i dtodhchaí na cathrach.

Le blianta beaga anuas, le tacaíocht ón Údarás Náisiúnta Iompair, ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, agus ón gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach, tá feabhsuithe suntasacha siúlóide agus rothaíochta geallta ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe. Áirítear leis na samplaí is déanaí Droichead Coisithe agus Rothaithe Chora na mBradán; bonneagar nua siúil agus rothaíochta ag Acomhal na Máirtíneach, Eglinton Canal, Lána an Mhuilleora agus Dabhach Uisce, agus bunú na chéad Sráide Scoile i lár na cathrach in Éirinn ag Scoil Iognáid.

Is ábhar misnigh é go bhfuil tionchar dearfach ag na hinfheistíochtaí sin cheana féin. Tugaim faoi deara, mar gheall ar shiúl agus ar rothaíocht i nGaillimh, go gcuirtear cosc ar 236 riocht trom fadtéarmach sláinte gach bliain, agus go soláthraítear €144.4 milliún de shochair eacnamaíocha freisin.

Ní fhásfaidh na nithe dearfacha sin ach le dul chun cinn scéimeanna breise lena n-áirítear conairí iompair phoiblí ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath, an Nasc Traschathrach agus feabhsuithe breise atá beartaithe don bhonneagar siúil agus rothaíochta.

Léirítear le tiomantas Chomhairle Cathrach na Gaillimhe don taisteal gníomhach a misean an chathair is fearr a dhéanamh den Ghaillimh le cónaí inti, oibriú inti, staidéar a dhéanamh inti, cuairt a thabhairt uirthi agus infheistíocht a dhéanamh inti trí sheirbhísí a sholáthar ar bhealach comhionann, cuimsitheach agus inbhuanaithe.



**Clr. Liam Carroll, Comhairle Contae na Gaillimhe:**

Anseo i gContae na Gaillimhe, fáiltímid roimh thuarascáil an Innéacs Siúil agus Rothaíochta, ina dtugtar léargas úsáideach agus ionadaíoch ón taobh déimeagrafach de ar iompar agus ar thuairimí na gcónaitheoirí atá ina gcónaí sna ceantair amhail Órán Mór, Baile Chláir agus Bearna maidir le siúl, gabháil thart ar áis a bhfuil rothaí uirthi agus rothaíocht.

Tá tús curtha ag Comhairle Contae na Gaillimhe le hobair, le tacaíocht ón Údarás Náisiúnta Iompair, ar roinnt tionscadal spreagúil nua ar fud an cheantair. Mar shampla, dearadh agus seachadadh rotharbhealaigh chósta lena nascfar Sráidbhaile Órán Mór go díreach leis an Stáisiún Traenach.

Tionscadal eile is ea an scéim um Bealaí Sábháilte chun na Scoile a thabhairt isteach i gceantar scoileanna Shráidbhaile Órán Mór lena n-éascófar siúl agus rothaíocht níos sábháilte do na céadta scoláire,

Mar Chathaoirleach ar Chontae na Gaillimhe, táim ag tnúth lena fheiceáil conas a thacaíonn an tInnéacs seo lenár dtionscadail atá le teacht agus cinn amach anseo agus conas a gcuireann é bonn eolais fúthu.



## Clár ábhair


| | |
|---|---|
| **4** | Ceannlínte |
| **6** | Siúl i Limistéar Cathrach na Gaillimhe |
| **8** | Rothaíocht i Limistéar Cathrach na Gaillimhe |
| **10** | Tairbhí an tsiúil |
| **12** | Tairbhí na rothaíochta |
| **14** | Réitigh siúil |
| **16** | Réitigh rothaíochta |
| **18** | Réitigh chomharsanachta |
| **20** | Limistéar Cathrach na Gaillimhe a fhorbairt |
| **22** | An tslí chun cinn |



## An tInnéacs Siúil agus Rothaíochta

Is éard is an tInnéacs Siúil agus Rothaíochta ann (Bike Life roimhe seo) an measúnú is mó a ndearnadh riamh ar nósanna daoine a dhéanann turais de shiúl na gcos, ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi, nó ar rothar i gceantair uirbeacha sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn.

Is é Subtrans a chuirfidh i gcrích é i gcomhar le 23 cathair agus ceantar uirbeach. Cuireann gach cathair[i] tuarascáil le chéile faoin dul chun cinn atá déanta i dtreo cuma níos mealltaí a chur ar dhul de shiúl na gcos, ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi nó ar rothar mar mhodh chun turais laethúla a dhéanamh.

Cuireann an tInnéacs Siúil agus Rothaíochta tuarascáil le chéile gach dara bliain. Is í seo an chéad tuarascáil ó Limistéar Cathrach na Gaillimhe a cuireadh le chéile i gcomhpháirt le hÚdarás Náisiúnta Iompair na hÉireann. Na sonraí sa tuarascáil seo, baineann siad leis an mbliain 2023 agus áirítear leo sonraí faoi dhul de shiúl na gcos, ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi nó ar rothar, samhaltú agus suirbhé neamhspleách ar 1,103 cónaitheoir atá 16 bliana d'aois nó níos sine i Limistéar Cathrach na Gaillimhe. Ba idir mí Aibreán agus mí Iúil 2023 a rinneadh an suirbhé seo. Ba chuideachta neamhspleách um thaighde margaidh ar Iompraíocht & Dearcthaí a rinne an suirbhé agus é bunaithe ar shampla ionadaíoch de gach duine sa limistéar faoi thrácht, seachas a bheith dírithe ar choisithe, ar dhaoine a úsáideann áis siúil a bhfuil rothaí uirthi agus ar rothaithe amháin.


Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le muintir Limistéar Cathrach na Gaillimhe as páirt a ghlacadh sa suirbhé agus a gcuid scéalta a roinnt linn.


Tá breis sonraí faoi na tuarascálacha le fáil ag www.sustrans.org.uk/walking-cycling-index. Le haghaidh breis sonraí, féach ar an Uirlis Sonraí Innéacs.

### Gabháil thart ar áis siúil a shainmhíniú

Maidir le daoine a úsáideann áiseanna soghluaisteachta ar rothaí, cathaoir rothaí, cuir i gcás, nó scútar soghluaisteachta, tuigimid nach mbeadh dáimh ag roinnt acu leis an téarma 'siúl' agus seans gur fearr leo an téarma 'gabháil thart ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi a shainmhíniú' a úsáid ina áit. Úsáidimid na téarmaí ag siúl agus ag gabháil thart ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi lena chinntiú go bhfuilimid chomh ionchuimsitheach agus is féidir.

i. Úsáidtear cathair mar théarma uileghabhálach do na cathracha, réigiúin chathracha, limistéir chathracha agus na buirgí a phléitear san Innéacs Siúil agus Rothaíochta.

# Ceannlínte

## Limistéar Cathrach na Gaillimhe

**Daonra**[i]

102,107


**Limistéar an tsuirbhé**




### Cé chomh minic agus a úsáidtear modhanna taistil éagsúla

Má tá turas le déanamh acu is de shiúl na gcos nó ar áis a bhfuil rothaí uirthi a théann bunáite na ndaoine atá ina gcónaí i Limistéar Cathrach na Gaillimhe.

**Cónaitheoirí a dhéanann turas ar na modhanna taistil seo a leanas cúig uair sa tseachtain ar a laghad i Limistéar Cathrach na Gaillimhe**




**60%**
na gcónaitheoirí a bhíonn ag siúl nó ag gabháil thart ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi cúig lá sa tseachtain ar a laghad

**20%**
de chónaitheoirí a rothaíonn uair sa tseachtain ar a laghad

### Níl bhíonn an líon céanna daoine ag siúl, ag rothlú agus ag rothaíocht

Ó thaobh luchta cónaithe de, is mór idir roghanna taistil agus tuairimí daoine maidir le siúl, gabháil thart ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi agus rothaíocht i measc grúpaí éagsúla.

**Céatadán na gcónaitheoirí a bhíonn ag siúl nó ag rothlú cúig lá sa tseachtain ar a laghad**

**41%** de dhaoine faoi mhíchumas

**62%** de dhaoine gan mhíchumas

**Céatadán na gcónaitheoirí a bhíonn ag rothaíocht uair sa tseachtain ar a laghad**[iii]

**15%** de mhná

**25%** d'fhir

### Ní bhraitheann gach cónaitheoir sábháilte ná go bhfuil fáilte rompu ina gcomharsanacht

**Céadatán na gcónaitheoirí ar dóigh leo go bhfuil sé sábháilte taisteal de shiúl na gcos nó ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi**

**86%** den ghrúpa socheacnamaíoch DE

**81%** den ghrúpa socheacnamaíoch AB

**Céatadán na gcónaitheoirí a cheapann go bhfuil sábháilteacht mhaith rothaíochta ann**

**55%** de mhná

**59%** d'fhir

**Céatadán na gcónaitheoirí a bhraitheann go bhfuil fáilte rompu agus a bhraitheann ar a suaimhneas agus iad ag siúl, ag dul thart ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi nó ar mhaith leo am a chaitheamh ar shráideanna a gceantar féin**

**94%** de dhaoine ó ghrúpaí mionlaigh eitneacha

**93%** de dhaoine geala

Is éard atá i gceist le grúpa socheacnamaíoch ná aicmiú atá bunaithe ar ghairm bheatha arb é an Cumann Taighde Margaidh a choinníonn suas chun dáta é. Is gairmithe agus lucht bainistíochta iad Grúpaí A agus B. Is oibrithe láimhe leathoilte agus neamhoilte, cúramaithe baile agus daoine dífhostaithe iad Grúpaí D agus E.

i. Daonáireamh POS 2022. Is é seo an leagan is déanaí maidir le Limistéar Cathrach na Gaillimhe.
ii. Ag taisteal mar thiománaí nó mar phaisinéir cairr, veain nó gluaisrothair. iii. Ní raibh méid an tsampla de fhreagróirí a ionannaíonn le 'hinscne eile' mór a dhóthain le bheith suntasach ó thaobh staitistice de agus dá bhrí sin ní chuirtear i láthair anseo é.

## Baineann gach duine tairbhe as nuair a bhíonn níos mó daoine ag siúl, ag rothlú agus ag rothaíocht

Is ionann líon na ndaoine a thaistealaíonn de shiúl na gcos, ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi nó ar rothar gach lá i Limistéar Cathrach na Gaillimhe agus **29,000** gluaisteán a bhaint den bhóthar.[iv] Nuair a chuirtear le chéile líon na ndaoine a úsáideann na modhanna taistil seo gach bliain i Limistéar Cathrach na Gaillimhe:

Seachnaítear
**236**
cás de riocht sláinte-fadtéarmach tromchúiseach

Cruthaítear
**€144.4 milliún**
de tairbhe eacnamaíoch do dhaoine aonair i Limistéar Cathrach na Gaillimhe

Sábháiltear
**6,300 tonna**
d'astaíochtaí gáis ceaptha teasa

## Teastaíonn ó lucht cónaithe níos mó turais a dhéanamh de shiúl na gcos, ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi, nó ar rothar agus níos lú tiomána a dhéanamh

**Céatadán na gcónaitheoirí ar mhaith leo níos mó tairbhe a bhaint as cineálacha iompair éagsúla amach anseo:**

**Siúl nó dul ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi**
**53%** níos mó
**2%** níos lú

**Rothaíocht**
**42%** níos mó
**1%** níos lú

**Dul ar iompar poiblí**
**32%** níos mó
**6%** níos lú

**Tiomáint**
**17%** níos mó
**21%** níos lú

## Teastaíonn níos mó maoinithe ó chónaitheoirí don siúl, rothlú, rothaíocht agus iompar poiblí

**Céatadán na gcónaitheoirí ar mhaith leo go gcaithfeadh an rialtas níos mó airgid ar áiseanna siúil, do dhaoine a úsáideann áis siúil a bhfuil rothaí uirthi agus ar iompar poiblí ina gceantar féin:**

**72%** ar Shiúl nó Gabháil Thart ar Áis a Bhfuil Rothaí Uirthi

**77%** ar rothaíocht

**79%** ar iompar poiblí

**24%** ar thiomáint

## B'ionann breis maoinithe a thabhairt do na háiseanna seo agus an stíl mhaireachtála i gcomharsanachtaí a fheabhsú

**I measc lucht cónaithe i Limistéar Cathrach na Gaillimhe:**

**88%** i bhfách le
**6%** i gcoinne
níos mó raonta rothar feadh bóithre, scartha go fisiciúil ó thrácht agus ó choisithe

**84%** i bhfách le
**7%** i gcoinne
níos mó comharsanachtaí 20 nóiméad a chruthú[v]

**87%** i bhfách le
**5%** i gcoinne
breis comharsanachtaí ísealtráchta-a chruthú[vi]

**78%** a aontaíonn
**13%** nach n-aontaíonn
go bhfeabhsófar a gceantar áitiúil dá gcuirfí leis an spás atá ar fáil do dhaoine teacht le chéile, siúl agus ag rothaíocht a dhéanamh ar a bpríomhshráid áitiúil

**81%** i bhfách le
**12%** i gcoinne
cosc ar fheithiclí a pháirceáil ar an gcosán

**63%** i bhfách le
**22%** i gcoinne
infheistíocht a bhogadh ó scéimeanna tógála bóthair chun an siúl, gabháil thart ar áis a bhfuil rothaí uirthi, rothaíocht agus iompar poiblí a mhaoiniú

v. Féach an sainmhíniú ar leathanach 14.
vi. Le haghaidh sainmhíniú féach an cháipéis faoi Mhodheolaíocht.

iv. Bunaithe ar an méid siúil, dul thart ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi, agus rothaíochta a dhéanann cónaitheoirí atá sa teaghlach céanna agus carr acu. Ní áirítear leis seo rothaíocht nó siúl nó turais ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi a dhéantar mar chaitheamh aimsire.



# Siúl i Limistéar Cathrach na Gaillimhe

## Rannpháirtíocht, sábháilteacht agus sástacht sa siúl agus sa rothlú

### Rannpháirtíocht sa siúl agus sa rothlú

Is minic a thugtar neamhaird ar thuras a dhéanamh de shiúl na gcos nó ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi agus cúrsaí iompair á bplé. Is amhlaidh a bhíonn in ainneoin gur éifeachtach an bealach é le spás a úsáid, é go maith dár sláinte, leis, agus gur beag tionchar a bhíonn ag na modhanna taistil seo ar an timpeallacht.

**93%**
den lucht cónaithe a dhéanann turas de shiúl na gcos nó ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi

**60%**
na gcónaitheoirí a bhíonn ag siúl nó ag gabháil thart ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi cúig lá sa tseachtain ar a laghad

### Céatadán na gcónaitheoirí a bhíonn ag siúl nó ag rothlú cúig lá sa tseachtain ar a laghad

#### Inscne[i]

**64%** de mhná

**57%** d'fhir

#### Eitneachas

**69%** de dhaoine ó ghrúpaí mionlaigh eitneacha

**59%** de dhaoine geala

#### Aois

**77%** de dhaoine idir 16–25 bliain d'aois

**59%** de dhaoine idir 26–35 bliain d'aois

**55%** de dhaoine idir 36–45 bliain d'aois

**57%** de dhaoine idir 46–55 bliain d'aois

**54%** de dhaoine idir 56–65 bliain d'aois

**50%** de dhaoine 66+ d'aois

#### Míchumas

**41%** de dhaoine faoi mhíchumas

**62%** de dhaoine gan mhíchumas

#### Grúpa socheacnamaíoch[ii]

**57%** de AB

**61%** de C1

**57%** de C2

**67%** de DE

i. Ní raibh méid an tsampla de fhreagróirí a ionannaíonn le 'hinscne eile' mór a dhóthain le bheith suntasach ó thaobh staitistice de agus dá bhrí sin ní chuirtear i láthair anseo é.

ii. Is éard atá i gceist le grúpa socheacnamaíoch ná aicmiú atá bunaithe ar ghairm bheatha arb é an Cumann Taighde Margaidh a choinníonn suas chun dáta é. Is gairmithe agus lucht bainistíochta iad Grúpaí A agus B. Is maoirseoirí/oifigigh cléireachais agus mic léinn iad Grúpa C1. Is oibrithe láimhe oilte iad Grúpa C2. Is oibrithe láimhe leathoilte agus neamhoilte, cúramaithe baile agus daoine dífhostaithe iad Grúpaí D agus E.

## Sábháilteacht agus sástacht ag siúl agus ag rothlú

**85%**
den lucht cónaithe ar dóigh leo go bhfuil leibhéal sábháilteachta maith ann do dhaoine a dhéanann turais de shiúl na gcos nó ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi

**73%**
den lucht cónaithe ar dóigh leo go bhfuil leibhéal sábháilteachta maith ann do pháistí a dhéanann turais de shiúl na gcos nó ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi

**89%**
den lucht cónaithe ar dóigh leo gur áit mhaith é a gceantar féin ar an iomlán le turais de shiúl na gcos nó ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi a dhéanamh

### An céatadán de chónaitheoirí a cheapann go bhfuil sábháilteacht siúil nó rothlaithe ina gceantar áitiúil go maith

#### Inscne

**85%** de mhná

**86%** d'fhir

#### Eitneachas

**94%** de dhaoine ó ghrúpaí mionlaigh eitneacha

**84%** de dhaoine geala

#### Aois

**89%** de dhaoine idir 16–25 bliain d'aois

**88%** de dhaoine idir 26–35 bliain d'aois

**84%** de dhaoine idir 36–45 bliain d'aois

**87%** de dhaoine idir 46–55 bliain d'aois

**79%** de dhaoine idir 56–65 bliain d'aois

**81%** de dhaoine 66+ d'aois

#### Míchumas

**79%** de dhaoine faoi mhíchumas

**86%** de dhaoine gan mhíchumas


#### Grúpa socheacnamaíoch

**81%** de AB

**86%** de C1

**87%** de C2

**86%** de DE



### Christina Hyland, Máthair a fhanann sa bhaile

Tá an-dúil agam bheith ag siúl i nGaillimh, go háirithe ar an bpromanáid i mBóthar na Trá.

Tá sé go hiontach do chách agus is acmhainn iontach é don siúlóir agus do rothaí araon.

Ceapaim go bhfuil sé deacair siúl sa bhaile mór, áfach, toisc nach bhfuil na cosáin leathan go leor do bhugaí dúbailte.

Bíonn orm dul amach ar an mbóthar leis an bpram corruair, rud nach maith liom a dhéanamh, ach ní bhíonn rogha ar bith eile agam.

Bheadh sé go deas a fheiceáil go dtabharfaí tús áite do sin.

Dá ndéanfaí é sin, bheadh ceantair den chathair i bhfad níos inrochtana dom féin agus do thuismitheoirí eile.




# Rothaíocht i Limistéar Cathrach na Gaillimhe

## Rannpháirtíocht, sábháilteacht agus sástacht sa rothaíocht

### Rannpháirtíocht sa rothaíocht

Ní ghlactar páirt i rothaíocht ar bhonn cothrom. Is mó constaic a chuirtear roimh roinnt daoine má tá fonn rothaíochta orthu. An chonstaic is mó a chuireann daoine ó dhul i mbun rothaíochta is ea sábháilteacht, sábháilteacht ar bhóithre agus sábháilteacht phearsanta san áireamh.[i]

**28%**
den lucht cónaithe a bhíonn ag rothaíocht

**20%**
den lucht cónaithe a bhíonn ag rothaíocht uair sa tseachtain ar a laghad

### Céatadán na gcónaitheoirí a bhíonn ag rothaíocht uair sa tseachtain ar a laghad

#### Inscne

**15%** de mhná

**25%** d'fhir

#### Eitneachas

**9%** de dhaoine ó ghrúpaí mionlaigh eitneacha

**21%** de dhaoine geala

#### Aois

**31%** de dhaoine idir 16–25 bliain d'aois

**17%** de dhaoine idir 26–35 bliain d'aois

**21%** de dhaoine idir 36–45 bliain d'aois

**22%** de dhaoine idir 46–55 bliain d'aois

**16%** de dhaoine idir 56–65 bliain d'aois

**7%** de dhaoine 66+ d'aois

#### Míchumas

**11%** de dhaoine faoi mhíchumas

**21%** de dhaoine gan mhíchumas

#### Grúpa socheacnamaíoch

**23%** de AB

**19%** de C1

**22%** de C2

**17%** de DE

i. Tuarascálacha Bike Life na bliana 2019 (cathracha éagsúla).

## Sábháilteacht agus sástacht sa rothaíocht

**57%**
den lucht cónaithe ar dóigh leo go bhfuil an leibhéal sábháilteachta don rothaíocht go maith ina gceantar féin

**49%**
den lucht cónaithe ar dóigh leo go bhfuil an leibhéal sábháilteachta go maith do leanaí a bhíonn ag rothaíocht

**63%**
den lucht cónaithe ar dóigh leo gur áit mhaith é a gceantar féin ar an iomlán le bheith ag rothaíocht

### An céatadán de na cónaitheoirí a cheapann gur maith í an tsábháilteacht don rothaíocht ina gceantar áitiúil

#### Inscne

**55%** de mhná

**59%** d’fhir

#### Eitneachas

**79%** de dhaoine ó ghrúpaí mionlaigh eitneacha

**54%** de dhaoine geala

#### Aois

**65%** de dhaoine idir 16–25 bliain d’aois

**60%** de dhaoine idir 26–35 bliain d’aois

**60%** de dhaoine idir 36–45 bliain d’aois

**54%** de dhaoine idir 46–55 bliain d’aois

**46%** de dhaoine idir 56–65 bliain d’aois

**49%** de dhaoine 66+ d’aois

#### Míchumas

**49%** de dhaoine faoi mhíchumas

**58%** de dhaoine gan mhíchumas

#### Grúpa socheacnamaíoch

**49%** de AB

**59%** de C1

**64%** de C2

**54%** de DE



### Vivien Desbrus Punch, Mac Léinn

Is mac léinn síceolaíochta mé sa chéad bhliain in Ollscoil na Gaillimhe agus ó am go chéile téim chun na hollscoile ar rothar.

Téim ag rothaíocht mar gur bealach deas é chun dul timpeall, tá sé níos gasta ná an bus agus bheith ag tiomáint trí thrácht, agus is cineál maith aclaíochta é.

Ceapaim go mbíonn tiománaithe sách cabhrach do rothaithe de ghnáth, agus ní raibh aon timpiste agam ar an mbóthar. Tá sé deas a bheith ag rothaíocht ar an gcampas toisc go mbíonn fíorbheagán carranna ann agus tá go leor áiteanna ann chun mo rothar a pháirceáil.

Ar an drochuair, bíonn sé báisteach go minic i nGaillimh, mar sin téim ar an mbus go minic. Is mór an trua nach bhféadfaimis díon mór a chaitheamh thar Ghaillimh, déarfainn go mbeimis go léir ag rothaíocht i ngach áit.



# Tairbhí an tsiúil

## An fáth a mbíonn gach duine thuas leis nuair a shiúlann nó nuair a rothlaíonn níos mó daoine

Is iomaí tairbhe do chách ó thaobh sláinte, geilleagair agus timpeallachta de a eascraíonn as líon na dturas a dhéantar de shiúl na gcos nó ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi i Limistéar Cathrach na Gaillimhe.

**Is ionann an fad a théann lucht cónaithe i Limistéar Cathrach na Gaillimhe de shiúl na gcos nó ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi gach lá agus dul timpeall an domhain 8 n-uair**

Rinneadh

**44.2 milliún turas**

de shiúl na gcos nó ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi i Limistéar Cathrach na Gaillimhe le bliain anuas, arb ionann nuair a chuirtear le chéile iad agus:

**110.3 milliún ciliméadar**

= **300,000 ciliméadar** sa lá.

Is ionann é sin agus gach cónaitheoir ag caitheamh

**14 lá**

ag siúl nó ag dul thart ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi gan stad le bliain anuas.

**Turais bhliantúla siúil agus rothlaithe de réir cuspóra[i]**




**Téann turais a dhéantar de shiúl na gcos agus ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi chun tairbhe do lucht cónaithe agus do gheilleagar na háite**

Úsáideann an tInnéacs Siúil agus Rothaíochta samhail le tuiscint a fháil ar na costais agus na tairbhí a bhaineann le tiomáint agus siúl. Mar shampla, am taistil, costais oibriúcháin feithiclí, maitheas don tsláinte, caighdeán an aeir agus cánachas.

**€0.97 a shábháiltear**

in aghaidh gach ciliméadar a dhéantar de shiúl na gcos nó ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi seachas tiomáint go ceann scríbe Gaillimhe.

I gcaitheamh bliana amháin sin

**€27.6 milliún**

ar fad ó dhaoine fásta a bhfuil carr sa teaghlach acu a théann chun na hoibre, chun na scoile agus go cinn scríbe eile de shiúl na gcos nó ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi.


Is é an sochar eacnamaíoch iomlán a fhabhraítear ó gach turas a dhéantar de shiúl na gcos agus ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi i Limistéar Cathrach na Gaillimhe

**€128.4 milliún[ii]**

i. Áirítear daoine fásta agus páistí (bíodh daoine fásta ina dteannta nó ná bíodh) leis na turais a dhéantar ar mhaithe le taitneamh agus le haclaíocht. Taispeántar turais scoile leo féin do leanaí amháin. ii. Airítear leis seo turais a dhéantar de shiúl na gcos nó ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi ar mhaithe le taitneamh agus le haclaíocht, mar aon le turais á ndéanamh ag daoine a bhfuil carr acu nó atá gan charr.

## Tugann siúl agus rothlú buntáistí sláinte do gach duine

**De thairbhe an méid a shiúltar i Limistéar Cathrach na Gaillimhe seachnaítear 209 de riocht sláinte tromchúiseach fadtéarmach gach bliain**




Áirítear le 'riochtaí eile' diaibéiteas chineál 2, stróc, ailse cíche, ailse cholaireicteach.

Is ionann é seo go léir agus

**€3.1 milliún a shábháil**

don FSS i Limistéar Cathrach na Gaillimhe in aghaidh na bliana

arbh ionann é agus an costas a bhaineann le

**57,000 coinne DG**

Bunaithe ar shonraí Limistéar Cathrach na Gaillimhe a chur isteach in uirlis MOVES de chuid Sport England a ríomhann an toradh ar infheistíocht don tsláinte ón spórt agus ón aclaíocht.

A bhuí leis an maitheas don tsláinte a thagann as an ngníomhaíocht choirp a dhéantar mar chuid den mhéid a shiúltar i Limistéar Cathrach na Gaillimhe cuirtear

**cosc ar 49 bás luath gach bliain**

a mheastar gur fiú

**€380 milliún é**[iii]

Tabhair faoi deara le do thoil go bhfuil turais i gcathaoireacha rothaí agus ar scútair shoghluaisteachta á n-áireamh mar thurais siúil chun críocha na samhlacha MOVES agus HEAT.

Agus daoine ag siúl agus ag rothlú níos mó in ionad a bheith ag tiomáint, feabhsaítear cáilíocht an aeir, ag sábháil go bliantúil:

**14,000 kg de $NO_x$**

agus

**1,700 kg de cháithníní**

($PM_{10}$ agus $PM_{2.5}$)

**92%** de chónaitheoirí a aontaíonn go bhfuil an t-aer glan ina gceantar áitiúil

## Is cabhair iad na turais a dhéantar de shiúl na gcos agus ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi i Limistéar Cathrach na Gaillimhe maidir leis an ngéarchéim aeráide atá ag bagairt orainn a mhaolú

**Sábháladh 4,900 tonna**

d'astaíochtaí gáis cheaptha teasa (dé-ocsaíd charbóin, meatán agus ocsaíd nítriúil) gach bliain trí shiúl nó dul ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi in ionad a bheith ag tiomáint, arb ionann é agus lorg carbóin

**54,000 duine ag fáil eitilte**

ó Aerfort na Sionainne go Heathrow Londain

Sa bhliain 2021, tháinig **18%** de na hastaíochtaí gáis cheaptha teasa a astaítear in Éirinn as cúrsaí iompair, agus ar na foinsí is mó de seo bhí úsáid peitril agus díosail i mbun iompar ar bhóthar.

Idir 1990 agus 2021, tháinig méadú **114%** ar astaíochtaí ó chúrsaí iompair.

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Astaíochtaí Gáis Cheaptha Teasa Deiridh na hÉireann 1990-2021.

## Coimeádann siúl agus dul ar áis a bhfuil rothaí uirthi Limistéar Cathrach na Gaillimhe ag imeacht

Taispeánann staidéir gur mó an spás ar an mbóthar i ngeall ar an siúl nó rothaíocht i gcomparáid le tiomáint.[iv] Cuidíonn sé sin le Limistéar Cathrach na Gaillimhe a choinneáil ag gluaiseacht do gach úsáideoir bóthair.

**26,000 turas fillete**

a dhéantar de shiúl na gcos agus ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi i Limistéar Cathrach na Gaillimhe ag daoine a d'fhéadfadh carr a úsáid.

Dá mbeadh na carranna seo go léir i dtranglam tráchta shínfeadh sé siar

**125 ciliméadar**

fad slí arb ionann é agus an fad slí idir Gaillimh agus Tulach Mhór.



iv. Litman, 2023. Evaluating Transportation Land Use Impacts. Bunaithe ar Eric Bruun and Vuchic, 1995. The Time-Area Concept.

iii. Bunaithe ar EDS/Uirlis um Shláinte Gheilleagrach na hEorpa a Mheas (HEAT), lenar féidir measúnú a dhéanamh ar an maitheas a dhéantar don tsláinte trí mheastachán a dhéanamh ar an laghdú ar an ráta báis a tharla de bharr an méid a siúladh.



# Tairbhí na rothaíochta

## An fáth a mbíonn gach duine thuas leis nuair a bhíonn níos mó daoine ag rothaíocht

### Is leor an méid rothaíochta a dhéanann lucht cónaithe Limistéar Cathrach na Gaillimhe gach lá le turas timpeall an domhain a dhéanamh

Rinneadh

**3.7 milliún turas**
rothaíochta i Limistéar Cathrach na Gaillimhe le bliain anuas

Is ionann sin agus

**17.4 milliún ciliméadar**

= **48,000 ciliméadar** sa lá

**Turais bhliantúla rothaíochta de réir na cuspóra i Limistéar Cathrach na Gaillimhe[i]**




### Téann an rothaíocht chun tairbhe do chónaitheoirí agus don gheilleagar áitiúil

Úsáideann an tInnéacs Siúil agus Rothaíochta samhail le tuiscint a fháil ar na costais agus na tairbhí a bhaineann le tiomáint agus rothaíochta. Mar shampla, am taistil, costais oibriúcháin feithiclí, maitheas don tsláinte, caighdeán an aeir agus cánachas.

**Sábháiltear €1.43**
in aghaidh gach ciliméadar a dhéantar ar rothar seachas tiomáint go ceann scríbe i Limistéar Cathrachnaq Gaillimhe.

I gcaitheamh bliana amháin, is é sin suas le

**€11.9 milliún**
ar fad ó dhaoine fásta a bhfuil carr sa teaghlach acu a théann chun na hoibre, chun na scoile agus go cinn scríbe eile ar rothar.


Is é an sochar eacnamaíoch iomlán a fhabhraítear ó gach turas rothaíochta i Limistéar Cathrach na Gaillimhe

**€16.1 milliún[ii]**

i. Áirítear daoine fásta agus páistí (bíodh daoine fásta ina dteannta nó ná bíodh) leis na turais fóillíochta. Taispeántar turais oideachais do dhaoine fásta agus do leanaí astu féin. Baineann na turais eile ar fad le daoine fásta amháin. ii. San áireamh leis sin tá turais ar rothair ar mhaithe le taitnimh nó folláine, agus turais chuig cinn scríbe ag daoine a bhfuil carr acu agus nach bhfuil carr acu.

## Tugann rothaíocht buntáistí sláinte do gach duine

**De thairbhe na rothaíochta i Limistéar Cathrach na Gaillimhe, seachnaítear 27 de riocht sláinte trom fadtéarmach gach bliain**




Áirítear le ‘riochtaí eile’ diaibéiteas chineál 2, stróc, ailse cíche, ailse cholaireicteach.

Is ionann é seo go léir agus

### €450,000 a shábháil

don FSS i Limistéar Cathrach na Gaillimhe in aghaidh na bliana



arbh ionann é agus an costas a bhaineann le

### 8,100 coinne DG

Bunaithe ar shonraí Limistéar Cathrach na Gaillimhe a chur isteach in uirlis MOVES de chuid Sport England a ríomhann an toradh ar infheistíocht don tsláinte ón spórt agus ón aclaíocht.

A bhuí leis an maitheas don tsláinte a thagann as an ngníomhaíocht choirp a bhaineann le rothaíocht i Limistéar Cathrach na Gaillimhe cuirtear

### cosc ar 3 bhás luath gach bliain

lena meastar luach

### €19.1 milliún[iii]

iii. Bunaithe ar Uirlis Mheasúnaithe Eacnamaíoch don tSláinte (HEAT) de chuid EDS/na hEorpa, a chumasaíonn measúnú eacnamaíoch ar na buntáistí sláinte a bhaineann le rothaíocht trí luach na básmhaireachta laghdaithe a eascraíonn as méideanna sonraithe rothaíochta a mheas.

Agus daoine ag rothaíocht níos mó in ionad a bheith tiomáint feabhsaítear cáilíocht an aeir, ag sábháil go bliantúil:

### 3,300 kg de $NO_x$

agus

### 406 kg de cháithníní

($PM_{10}$ agus $PM_{2.5}$)

**92%** de chónaitheoirí a aontaíonn go bhfuil an t-aer glan ina gceantar áitiúil



## Is cabhair iad na turais rothaíochta i Limistéar Cathrach na Gaillimhe maidir leis an ngéarchéim aeráide atá ag bagairt orainn a mhaolú

### 1,400 tonna

d’astaíochtaí gás ceaptha teasa (dé-ocsaíd charbóin, meatán agus ocsaíd nítriúil) a shábháiltear gach bliain trí rothaíocht in ionad a bheith ag tiomáint, arb ionann é agus lorg carbóin de



### 16,000 duine ag fáil eitleán

ó Aerfort na Sionainne go Heathrow Londain

Sa bhliain 2021, tháinig **18%** de na hastaíochtaí gáis cheaptha teasa a astaítear in Éirinn as cúrsaí iompair, agus ar na foinsí is mó de seo bhí úsáid peitril agus díosail i mbun iompar ar bóthar.

Idir 1990 agus 2021, tháinig méadú **114%** ar astaíochtaí ó chúrsaí iompair.

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Astaíochtaí Gáis Cheaptha Teasa Deiridh na hÉireann 1990-2021.

## Coinníonn an rothaíocht i Limistéar Cathrach na Gaillimhe ag gluaiseacht

Taispeánann staidéir gur mó an spás ar an mbóthar i ngeall ar an siúl nó rothaíocht i gcomparáid le tiomáint.[iv] Cuidíonn sé sin le Limistéar Cathrach na Gaillimhe a choinneáil ag gluaiseacht do gach úsáideoir bóthair.


### 2,800 turas rothaíochta fillte

a dhéantar i Limistéar Cathrach na Gaillimhe ag daoine a d’fhéadfadh carr a úsáid.


Dá mbeadh na carranna seo go léir i dtranglam tráchta shínfeadh sé siar

### 13 ciliméadar

fad slí arb ionann é agus an fad slí ó Ghaillimh go Maigh Cuilinn.



iv. Litman, 2023. Evaluating Transportation Land Use Impacts.
Bunaithe ar Eric Bruun and Vuchic, 1995. The Time-Area Concept.



# Réitigh siúil

## Cad é a chuideodh le siúl agus gabháil thart ar áis a bhfuil rothaí uirthi a dhéanamh níos éascú?

**Teastaíonn níos mó seirbhísí agus conláistí ó chónaitheoirí laistigh d'achar siúil agus rothlaithe**

Go hidéalach, ba cheart go mbeadh siúl nó ag gabháil thart ar áis a bhfuil rothaí uirthi ar an rogha is tarraingtí do thurais ghearra. D'fhéadfadh limistéar tacú leis sin trína chinntiú go mbeidh go leor de na rudaí a theastaíonn ó dhaoine ar fáil gar don áit ina gcónaíonn daoine. Ba chóir go mbeadh an timpeallacht sábháilte, compordach agus fáiltiúil.

Áiteanna is ea iad comharsanachtaí 20 nóiméad ónar féidir leat siúl ó do theach chuig go leor de na rudaí a theastaíonn uait ar bhonn rialta (amhail siopaí, páirceanna, scoileanna) agus ar ais arís laistigh de 20 nóiméad.

**Cén céatadán cónaitheoirí nár mhiste leo níos mó áiseanna agus seirbhísí áitiúla a bheith ann chun cabhrú leo siúl nó rothlú níos mó?**

**67%** Níos mó siopaí agus seirbhísí laethúla, amhail bainc agus oifigí poist, gar do do theach

**62%** Níos mó seirbhísí, amhail ionaid sláinte dochtúirí agus scoileanna, gar do do theach

**69%** Níos mó páirceanna nó spásanna glasa gar do do theach

**71%** Tuilleadh rudaí le feiceáil agus le déanamh gar do do theach, amhail caiféanna nó ionaid siamsaíochta


**Tá 16%**
de theaghlaigh na Gaillimhe i gcomharsanachtaí ina bhfuil níos mó ná 40 teach in aghaidh an heicteáir.

Sna comharsanachtaí ard-dlúis sin, is féidir gnólachtaí áitiúla a choinneáil ar bun agus bealaí iompair phoiblí a chothú ar bhealach níos éasca. Cuidíonn sé sin le spleáchas ar charranna a laghdú.[i]

**Aontaíonn 73%**
gur féidir leo dul chuig go leor áiteanna a gcaithfidh siad cuairt a thabhairt orthu gan tiomáint go héasca

**Céatadáin na dteaghlach laistigh de raon 800m de na taitneamhachtaí seo a leanas**

Bunaítear é sin mar fhad dírlíne, seachas an fad siúil iarbhír bunaithe ar leagan amach sráide ar dócha go mbeidh sé níos faide (coibhéis thar ar 960m).




i. Sustrans, 2017. Taisteal Gníomhach agus Iompar Poiblí a Nascadh le Fás agus le Pleanáil Tithíochta.
ii. Trí chineál ionad cultúrtha agus fóillíochta ar a laghad, amhail caiféanna, tithe tábhairne, hallaí biongó, pictiúrlanna, músaeim.

## Teastaíonn sráideanna níos fearr ó chónaitheoirí

Tá go leor bealaí ann lenár sráideanna agus ár gcomharsanachtaí a dhéanamh sábháilte, fáiltiúil agus compordach do gach duine chun siúl nó gabháil thart ar áis a bhfuil rothaí uirthi iontu.

**Cén céatadán de chónaitheoirí a cheapann go gcabhródh na hathruithe seo leo siúl nó rothlú níos mó?**

**74%** Cosáin níos leithne

**70%** Trasrianta bóthair níos rialta, le hamanna feithimh laghdaithe

**75%** Áiteanna níos deise ar feadh sráideanna chun stopadh agus scíth a ligean, amhail níos mó binsí, crann agus foscadán

**76%** Inrochtaineacht níos fearr ar chosáin, amhail dromchlaí cothroma, colbhaí tite ag pointí trasnaithe

**73%** Níos lú carranna páirceáilte ar an gcosán

**59%** Níos lú eagla roimh choireacht nó iompar frithshóisialta ina gceantar

I Limistéar Cathrach na Gaillimhe:


**30%** de bhóithre Náisiúnta agus Réigiúnacha a bhfuil leithead cosáin níos mó ná 3m acu[iii]

**44%** de na mionbhóithre a bhfuil leithead cosáin níos mó ná 2m acu

**85%**
de chónaitheoirí a aontaíonn dá ndéanfaí níos mó beart chun coireacht agus iompar frithshóisialta ar an tsráid nó i spásanna poiblí a laghdú go bhfeabhsófaí a gceantar áitiúil



iii. Is príomhbhóithre iad bóithre náisiúnta agus bóithre réigiúnacha. Rinneadh leithid cosáin a ríomh le húsáid a bhaint as sonraí Prime II de chuid Thailte Éireann (SOÉ roimhe seo) ceadúnaithe faoin gComhaontú Náisiúnta um Léarscáiliú: CYAL50370872 © Tailte Éireann – Suirbhéireacht. Ní chuirtear baic, amhail stadanna bus nó boscaí bruscair san áireamh i leithead an chosáin.



**Amy Spain-Butler,**
**Mac léinn PhD in úsáid inbhuanaithe talún**

Is as Baile Átha Cliath ó dhúchas mé, ach tháinig mé go Gaillimh nuair a bhí mé i mo dhéagóir. Tá go leor rudaí a thaitníonn liom faoin gcathair seo, mar shampla an dóigh nach gcaithfidh mé siúl ach ar feadh 10 nóiméad chun gach rud a theastaíonn uaim a fháil agus an dóigh a mbíonn áiteanna le suí agus le teacht le chéile ann i gcónaí.

Is maith liom chomh ciúin agus atá sé sna ceantair do choisithe amháin, amhail Sráid na Siopaí agus an Ché. Má bhíonn aon imeachtaí nó féilte ar siúl sa chathair le linn na bliana, mealltar amach as an teach mé i gcónaí, díreach mar go bhfuil sé chomh furasta sin na himeachtaí agus féilte sin a bhaint amach.

Tugtar tús áite do choisithe ar champas Ollscoil na Gaillimhe, rud a thaitníonn liom. Is féidir leat é sin a fheiceáil leis na spásanna tiomnaithe go léir idir foirgnimh agus limistéir deighilte.

Mothaím sábháilte i gcónaí agus deifir á déanamh agam chuig na léachtaí, nó fiú ag fánaíocht thart díreach.




# Réitigh rothaíochta

## Cad é a dhéanfadh rothaíocht níos fearr?

### Is mian le go leor cónaitheoirí i Limistéar Cathrach na Gaillimhe dul ag rothaíocht

**Conas a fheiceann cónaitheoirí iad féin i dtaca le rothaíocht de?**



Rothaíocht rialta: **16%**

Rothaíocht ó am go chéile: **12%**

Ag rothaíocht den chéad uair nó ag filleadh ar an rothaíocht: **6%**

Ní rothaíonn ach ba mhaith leo: **27%**

Ní rothaíonn agus níl siad ag iarraidh: **39%**

**Cén céatadán de chónaitheoirí a dúirt 'nach mbíonn siad ag rothaíocht ach gur mhaith leo dul ag rothaíocht'?**

**29%** de mhná

**37%** de dhaoine ó ghrúpaí mionlaigh eitneacha

**14%** de dhaoine faoi mhíchumas

### Teastaíonn bonneagar rothaíochta feabhsaithe ó chónaitheoirí

**Cén céatadán de chónaitheoirí a dhéanfadh níos mó rothaíochta dá mbeadh áiseanna níos fearr ann?**


**70%**
Níos mó bealaí rothaíochta saor ó thrácht ar shiúl ó bhóithre, amhail trí pháirceanna nó feadh uiscebhealaí

**69%**
Níos mó raonta rothar feadh bóithre atá scartha go fisiciúil ó thrácht agus ó choisithe

**67%**
Níos mó bealaí rothaíochta áitiúla le comharthaí feadh sráideanna níos ciúine

**59%**
Naisc níos fearr le hiompar poiblí, amhail páirceáil shlán rothair ag stáisiúin traenach, stadanna bus/stáisiúin

**88%**
de chónaitheoirí a thacaíonn le níos mó raonta rothaíochta atá scartha go fisiciúil ón trácht agus ó choisithe a thógáil, fiú nuair a chiallódh sé sin níos lú spáis do thrácht eile ar bhóithre



## Teastaíonn níos mó tacaíochta ó chónaitheoirí chun rothaíocht

### Cén céatadán de chónaitheoirí a cheapann go gcabhródh na cineálacha tacaíochta seo leo rothaíocht níos mó?

**54%** Cúrsaí oiliúna rothaíochta agus turais shóisialta eagraithe

**53%** Rochtain nó feabhsúcháin ar scéim um fhruiliú rothar cathrach

**49%** Rochtain ar stóráil shlán rothar sa bhaile nó gar dó

**58%** Rochtain ar rothar

**41%** Rochtain ar rothar leictreach

**24%** Rochtain ar rothar lasta (le spás chun leanaí a iompar nó siopadóireacht)

**19%** Rochtain ar rothar oiriúnaithe, amhail trírothach nó lámhrothar

### Scéim um fhruiliú rothar i Limistéar Cathrach na Gaillimhe[i]

**186**
rothar roinnte

**23**
stáisiún fruilithe rothar

**5,830**
turas bliantúil

### Goid rothair tuairiscithe

Tuairiscíodh gur goideadh **323** rothar i Limistéar Cathrach na Gaillimhe sa bhliain 2022/23.

**513** sa bhliain 2021/22

I gcás gach **124** duine ag a bhfuil rothar duine fásta i Limistéar Cathrach na Gaillimhe tuairiscíodh gur goideadh **1** rothar le bliain anuas.

### Céatadáin na gcónaitheoirí a bhfuil rochtain acu ar rothar duine fásta

**48%** de chónaitheoirí

**45%** den ghrúpa socheacnamaíoch DE

**51%** den ghrúpa socheacnamaíoch AB

Tá **84%** de chónaitheoirí i bhfabhar lascainí airgeadais do dhaoine ar ioncam íseal nó nach bhfuil i bhfostaíocht chun cuidiú leo rothar a cheannach

**23%** de theaghlaigh atá laistigh de 800m ó shiopa rothaíochta[ii]



### Wayne Wrafter

Tá pairilis cheirbreach orm ar mo thaobh clé agus téann sé i gcion ar mo chothromaíocht agus ar mo shoghluaisteacht.

Táim ag rothaíocht ar thrírothach luite ó bhí 2019 ann, agus a bhuí leis sin táim níos soghluaiste, ach freisin cuidíonn sé liom coinneáil suas le mo cheithre bhuachaill atá ag fás!

Níl aon fhíorbhonneagar laistigh d'Órán Mór ná de Ghaillimh. Tá lána rothar anseo agus ansiúd ach den chuid is mó bím ag rothaíocht ar an mbóthar.

Caithfimid níos mó dul chun cinn a fheiceáil maidir leis an mbonneagar iomlán a fheabhsú.

Níos mó lánaí rothar, fáil réidh le geataí aonfhir, níos mó feasachta ar rothaithe ar an mbóthar agus meas thar aon ní eile. Ní thugann tiománaithe an spás atá uait ar an mbóthar, agus bheadh sé iontach feabhas air sin a fheiceáil.

i. Clúdaítear sna sonraí Iúil 2022 – Meitheamh 2023.
ii. © Rannpháirtithe OpenStreetMap.



# Réitigh chomharsanachta

## Cad é a chabhródh le comharsanachtaí a dhéanamh níos fearr?

### Ba chóir go mbraithfeadh gach cónaitheoir go bhfuil fáilte rompu ina gcomharsanacht

**Céatadán na gcónaitheoirí a bhraitheann go bhfuil fáilte rompu agus a bhíonn compordach ag siúl, ag rothlú nó ag caitheamh ama ar shráideanna a gceantair**

**93%**
de chónaitheoirí

**93%** de mhná

**94%** d'fhir

**94%** de dhaoine ó ghrúpaí mionlaigh eitneacha

**93%** de dhaoine geala

**91%** de dhaoine faoi mhíchumas

**93%** de dhaoine gan mhíchumas

**93%** den ghrúpa socheacnamaíoch DE

**91%** den ghrúpa socheacnamaíoch AB

### Is féidir le ceannas mótarfheithiclí siúl, rothlú agus rothaíocht a dhíspreagadh

**65%** de chónaitheoirí a shíleann nach bhfuil a sráideanna faoi smacht ag mótarfheithiclí a bhíonn ag gluaiseacht nó páirceáilte.

**Ach bheadh níos lú mótarfheithiclí ar a sráideanna úsáideach do chónaitheoirí chun:**

**64%** Siúl níos mó nó gabháil thart ar áis a bhfuil rothaí uirthi níos mó

**60%** Taisteal níos mó ar rothar

Níl mionbhóithre ísealúsáide deartha chun tréthrácht a iompar, ach i Limistéar Cathrach na Gaillimhe níl aon rud le cosc a chur ar **12%** dá fhad iomlán. D'fhéadfadh cóngar sciuirde a bheith mar thoradh air sin.[i]

**72%** a aontaíonn go mbeadh a gceantar níos fearr as dá gcuirfí srian ar thréthrácht ar shráideanna cónaithe áitiúla.

**Ach luasteorainn 30km/u a bheith ag níos mó sráideanna chabhródh sé le cónaitheoirí chun:**

**65%** Siúl níos mó nó gabháil thart ar áis a bhfuil rothaí uirthi níos mó

**58%** Taisteal níos mó ar rothar

### Teastaíonn ó chónaitheoirí gur spásanna níos fearr do dhaoine chun am a chaitheamh iontu a sráideanna áitiúla

**78%**
a aontaíonn go ndéanfaí áit níos fearr dá gceantar áitiúil dá gcuirfí leis an spás do dhaoine a bheith ag sóisialú, ag siúl agus ag rothaíocht ar a bpríomhshráid áitiúil

**83%**
a aontaíonn go ndéanann siad comhrá rialta lena gcomharsana, níos mó ná beannú dóibh go díreach

**87%**
a thacaíonn le comharsanachtaí íseal-tráchta

i. Bunaithe ar anailís arna déanamh ag CycleStreets www.lowtrafficneighbourhoods.org. Is iad mionbhóithre ísealúsáide na cinn a rangaítear mar 'mhionbhóithre nach bhfuil chomh suntasach' ar OpenStreetMap.



**Justine Delaney,**
**Bainisteoir oifige / Ambasadóir inbhuanaitheachta**

Is rud iontach é 'Glasú na Lánaí' de chuid na Comhairle do phobail áitiúla, agus is éard atá i gceist leis ná na nascbhealaí rochtana idir comharsanachtaí atá ann cheana féin a ghlanadh suas.

Dá n-osclófaí micreabhealaí idir eastáit tithíochta amhail Cnoc na Cathrach agus Baile an Phoill, bheadh páistí ábalta dul ar scoil agus chuig clubanna CLG gan bheith ag brath ar ardaitheoirí.

Tá Bus Rothaíochta Scoile Chnoc na Cathrach á reáchtáil le breis agus ocht mbliana, agus a bhuí leis is féidir le go leor páistí dul chun na scoile go sábháilte ar rothar, rud a chuireann tús lena lá ar bhealach sláintiúil fuinniúil agus mar gheall ar an gclár Bealaí Sábháilte chun na Scoile ag Bunscoil Iognáid, soláthraítear timpeallacht níos ciúine ag amanna fágála agus bailithe.

Ba cheart go ndíreofaí pleanáil straitéiseach le haghaidh iompar poiblí agus taisteal gníomhach orthu siúd nach bhfuil nach sé ar a n-acmhainn carr a bheith acu faoi láthair agus orthu siúd atá ag smaoineamh ar athrú faoi chúpla bliain eile, ar cibé cúiseanna.

## Ní mór cuimhneamh ar leanaí agus comharsanachtaí á ndearadh

Ba chóir go mbeadh comharsanachtaí ina n-áiteanna inar féidir le leanaí déanamh go maith. Tá sé tábhachtach go ndéanfaí neamhspleáchas a mhéadú, spás a chur ar fáil chun súgradh agus bualadh le chéile, agus an turas chun na scoile a fheabhsú..

Má dhearaimid comharsanachtaí agus leanaí ar intinn againn, oibreoidh siad níos fearr do gach duine eile freisin.

**11 bhliain d'aois**
an mheánaois a ligfeadh daoine dá gcuid leanaí siúl nó rothaíocht go neamhspleách ina gcomharsanacht.

Tá cead ag **80%** de leanaí seacht mbliana d'aois sa Ghearmáin dul ina n-aonar chuig áiteanna faoi fhad siúil, seachas an scoil.[ii]

**91%** de chónaitheoirí a aontaíonn go bhfuil spás ann do leanaí sóisialú agus súgradh

**74%** de theaghlaigh atá laistigh de 800m ó chlós súgartha do leanaí

I measc lucht cónaithe i Limistéar Cathrach na Gaillimhe:

**48%** a aontaíonn

**24%** nach n-aontaíonn

dá ndúnfaí sráideanna lasmuigh de scoileanna áitiúla ar charranna le linn amanna fágála agus bailithe go gcuirfí feabhas ar a gceantar áitiúil

Tugtar 'Sráideanna Scoile' orthu sin.

Tá scéimeanna Sráideanna Scoile i 1 scoil i Limistéar Cathrach na Gaillimhe.[iii]

Chomh maith leis sin, féach Bealaí Sábháilte chun na Scoile ar leathanach 23.



ii. Soghluaisteacht Neamhspleách Leanaí: comparáid idirnáisiúnta agus moltaí le haghaidh gníomhaíochta, 2015.
iii. Tá an figiúr atá tugtha i gceart amhail an 31 Bealtaine 2023.



# Limistéar Cathrach na Gaillimhe a fhorbairt

## Athruithe le déanaí i dtaca le siúl, rothlú, rothaíocht agus comharsanachtaí

Tá sé sainaitheanta sa Chreat Pleanála Náisiúnta (CPN) go meastar go dtiocfaidh fás idir 50-60% ar Chathair na Gaillimhe agus ar na bruachbhailte sa tréimhse suas go dtí 2040. Táthar ag súil go dtiocfaidh méadú suntasach ar an éileamh ar bhonneagar taistil mar thoradh ar an bhfás réamh-mheasta ar an daonra a bhaineann leis an leathnú eacnamaíoch sin.

Tá an brú tráchta i gCathair na Gaillimhe agus sa chúlchríoch ina fhadhb le blianta fada anuas. Imríonn brú tráchta tionchar ar an gcáilíocht saoil, ar an timpeallacht uirbeach, ar shábháilteacht gach úsáideoir bóithre, agus ar fheidhmíocht eacnamaíoch Chathair na Gaillimhe mar thairseach agus mar spreagthach eacnamaíoch Réigiún an Iarthair. Téann a thionchar i bhfad níos faide ná an chathair isteach sa chontae agus sa réigiún i gcoitinne, mar gheall ar an bpobal mór comaitéirí a bhraitheann ar an gcathair le haghaidh fostaíochta agus oideachais.

Tuigeann Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus ó Chomhairle Contae na Gaillimhe anois go bhfuil mian ann d'athrú agus go bhfuil tiomantas ansin don bhonneagar a theastaíonn chun aistriú modha i dtreo taisteal gníomhach a bhaint amach.

Tá an tÚdarás Náisiúnta Iompair (ÚNI) ag obair le Comhairle Cathrach na Gaillimhe le blianta fada maidir le Tionscadail Taistil Ghníomhaigh a fhorbairt agus a sholáthar. Ón mbliain 2021 i leith, tá foirne tiomnaithe taistil ghníomhaigh bunaithe ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus ag Comhairle Contae na Gaillimhe ar a bhfuil 19 mball foirne ar an iomlán atá ag obair ar Thionscadail Taistil Gníomhach amháin.

Go dtí seo, tá os cionn €20m de mhaoiniú ÚNI caite ar thionscadail Taistil Ghníomhaigh i nGaillimh.

> Tá mian ann d'athrú agus tá tiomantas ann don bhonneagar a sholáthar a theastaíonn chun aistriú modha i dtreo taisteal gníomhach a bhaint amach.



## Droichead Coisithe agus Rothaithe Dhroichead na mBradán

Osclaíodh Droichead Coisithe agus Rothaíochta Dhroichead na mBradán i mí na Bealtaine 2023, rud a léiríonn garsprioc thábhachtach maidir le soláthar Straitéis Iompair na Gaillimhe. Cuirtear nasc tábhachtach ar fáil leis trasna Abhainn na Gaillimhe, ag tairiscint spás iontach ailtireachta agus uirbeach do mhuintir na Gaillimhe.

Tá sé thart ar 85 méadar ar fad, agus trasnaíonn sé trí shruthchúrsa, tá radhairc gan bhac ar fáil uaidh ar Ardeaglais na Gaillimhe agus ar Chlochar na Trócaire. Tá cruth bradáin ar an droichead, chun oidhreacht na hiascaireachta sa cheantar a léiriú. Deimhneofar an t-ainm oifigiúil i ndiaidh comhairliúchán poiblí agus i ndiaidh athbhreithnithe a dhéanfaidh ag coiste ainmniúcháin sna míonna amach romhainn.



## Lána an Mhuilleora

Osclaíodh an tionscadal seo go hoifigiúil i mí an Mheithimh 2023, agus is éard a bhí i gceist leis ná uasghrádú a dhéanamh ar chosán a bhí ann cheana a bhí ina fhásach chun glasbhealach uirbeach a sholáthar i gceantar Chnoc na Cathrach, ag nascadh Bóthar Ráthún agus Bóthar Kingston. Leis an mbealach rothaíochta agus coisithe amháin sin, soláthraítear nascacht shábháilte easbhóthair do pháistí scoile i gceantar Chnoc na Cathrach. Rinneadh an lána, atá thart ar 4m ar an meán ar leithead, a uasghrádú le dromchla asfailt ardchaighdeáin, soilsiú poiblí íseal-leibhéil agus tírdhreachtú mealltach ar fud an lána. Tá líon na n-úsáideoirí as ag méadú go seasta ó osclaíodh é.

## Bealaí Sábháilte chun na Scoile – Treoirthionscadal Shráid na Scoile – Scoil Iognáid



Sa bhliain 2020, sheol Comhairle Cathrach na Gaillimhe, i gcomhpháirtíocht le Scoil Iognáid, ÚNI agus clár na Scoileanna Glasa de chuid An Taisce, clár píolótach Shráid na Scoile, an chéad Sráid Scoile i lár na cathrach in Éirinn.

Soláthraíodh an treoirthionscadal sin trí phróiseas atriallach lena gcomhcheanglaíodh cumarsáid leanúnach, comhairliúchán agus rannpháirtíocht chun dearadh 'Crios Scoile' a sholáthar lena gcruthaítear timpeallacht níos sábháilte agus níos ciúine os comhair na scoile.

D'éirigh thar barr leis an treoirthionscadal agus athraíodh cultúr agus cleachtais taistil Scoil Iognáid leis. De bharr rath an treoirthionscadail, forbraíodh tionscadal buan agus tá sé ag céim na tógála faoi láthair. Tá sé mar aidhm leis an tionscadal sin dul i ngleic le roinnt fadhbanna iompair a breathnaíodh le linn an treoirthionscadail. Áirítear leis feabhsuithe os comhair na scoile agus leathnú ar scóip an tionscadail chun acomhail bhreise nasc bóthair ar an mbealach isteach chuig an scoil a chur san áireamh. Táthar ag súil go dtabharfar an tionscadal chun críche i lár na bliana 2024.



# An tslí chun cinn

## Sráideanna agus áiteanna níos fearr do chách

Tá Straitéis Iompair Limistéar Cathrach na Gaillimhe á forbairt faoi láthair agus cuirfear in aonad Straitéis Iompair na Gaillimhe í. Cuideoidh an Straitéis leis na Comhairlí Cathrach agus Contae a gcuid oibleagáidí faoin bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 a chomhlíonadh. Príomh-uaillmhian de chuid na Straitéise is ea gréasán iompair atá sábháilte, éifeachtach, athléimneach agus comhtháite a fhorbairt do gach úsáideoir, a fhreastalóidh ar na riachtanais taistil reatha agus ar na riachtanais taistil amach anseo.

### Scéim Rothaíochta Dhabhach Uisce Theas

Dearadh na bealaí sin chun seirbhís den chaighdeán is airde agus is féidir a sholáthar do gach úsáideoir agus cuimsítear iontu soláthar áiseanna scartha do choisithe agus do rothaithe feadh an bhealaigh idir Bóthar Bhaile Átha Cliath ó thuaidh agus líne Iarnróid Bhaile Átha Cliath go Gaillimh ó dheas.

Forbraíodh an scéim mar phríomhbhealach rothaíochta laistigh de limistéar cónaithe agus freastalóidh sé ar chónaitheoirí cheantar Dhabhach Uisce trí nascacht a sholáthar do lár na cathrach trí Scéim Bhóthar BusConnects Bhaile Átha Cliath Gaillimh agus trí scéim Nasc Traschathrach BusConnects na Gaillimhe.

### Eglinton Canal

Is é is aidhm don scéim seo feabhas a chur ar sholáthar an bhealaigh ó Ché an Chladaigh ó dheas agus Bóthar na hOllscoile ó thuaidh. Cuimsítear ar an mbealach athdhromchlú feadh chosán tarraingthe na canála agus soláthar trasbhealaí comharthaíochta nua ag an mBóthar Nua, Bóthar na Toirbhearta, Sráid Dhoiminic agus Bóthar an Athar Uí Ghríofa.

Leis an scéim 0.85km sin, nascfar Ollscoil na Gaillimhe ó thuaidh, le hArdán na bhFiach ó dheas, agus ar aghaidh go lár na cathrach.

> Tacóidh Straitéis Iompair Limistéar Cathrach na Gaillimhe le siúl agus rothaíocht a fhorbairt mar mhodhanna inmharthana rogha, go háirithe chun rochtain a sholáthar ar sheirbhísí áitiúla, agus chun tacú le coincheap na comharsanachta 10 nóiméad.

## Scéim Rothaíochta an Bhaile Bháin agus Pháirc an Chaisleáin

Tá Bóthar an Bhaile Bháin agus Bóthar Pháirc an Chaisleáin suite soir ó Chathair na Gaillimhe, agus freastalaíonn sé ar cheantar an Bhaile Bháin agus ar cheantar Pháirc an Chaisleáin. Leis an scéim, nascfar áiteanna ina bhfuil díol suntais tábhachtach trí phríomhbhealaí líonra rothaíochta (Bóthar an Bhaile Bháin), (Bóthar Pháirc an Chaisleáin) agus bealaí líonra rothaíochta den dara grád a sholáthar (2.5km ar an iomlán). Tá an scéim ina cuid lárnach den Líonra Rothaíochta níos leithne atá beartaithe do Chathair na Gaillimhe.


## Sráidbhaile Órán Mór go Stáisiún Traenach Órán Mór

Tá scéim á forbairt ag Comhairle Contae na Gaillimhe chun nascacht fheabhsaithe idir Sráidbhaile Órán Mór agus Stáisiún Traenach Órán Mór a sholáthar. Tá an stáisiún suite faoi 2km ó lár an bhaile i Sráidbhaile Órán Mór agus soláthraíonn sé seirbhís comaitéireachta iontaofa agus rialta isteach i gCathair na Gaillimhe. Trí bhonneagar rothaíochta nua a sholáthar agus feabhas a chur ar nascacht coisithe ó Órán Mór agus ceantar an Gharráin atá ag méadú go gasta chuig an stáisiún traenach, feabhsófar tarraingteacht úsáid na traenach do chomaitéirí isteach i gCathair na Gaillimhe.

## An Clár um Bealaí Sábháilte chun na Scoile (SRTS)

Tá Foireann SRTS An Taisce agus Comhairlí Cathrach agus Contae na Gaillimhe ag cur tionscadail um Bealaí Sábháilte chun na Scoile i bhfeidhm go gníomhach i roinnt scoileanna sa chathair agus timpeall uirthi.

Tá pleananna seachadta bhabhta 1 do scoileanna tugtha chun críche, agus cuirfear tús le hoibreacha tógála i Ráithe 4 den bhliain 2023. Tá pleananna seachadta bhabhta 2 do scoileanna á bhforbairt faoi láthair.



**Gary Higgins, Innealtóir**

Tá an t-ádh orm go bhfuil mé i mo chónaí faoi fhad siúil ó chathair na Gaillimhe agus is maith liom leas a bhaint as a oiread agus is féidir. Tá sé an-éasca siúl thart ar an gcathair agus tá a tír-raon réidh den chuid is mó. Tá príomhchodanna na cathrach faoi fhad siúil ó lár an bhaile.

Agus ceisteanna a bhaineann le trácht carranna ina ábhar coitianta comhrá i nGaillimh, tá sé éasca dearmad a dhéanamh go bhfuil go leor daoine ann a dhéanann a gcuid comaitéireachta laethúil de shiúl na gcos den chuid is mó. D'fhéadfadh buntáiste sóisialta breise a bheith ag baint leis sin agus daoine ag cur aithne ar a chéile agus ag beannú dá chéile gach lá. Nuair a bhuaileann tú isteach go rialta le haghaidh caifé nó earraí grósaeireachta, cuireann tú aithne ar an bhfoireann agus ar na custaiméirí rialta eile go gasta.

Cé go bhfuil fadhbanna ann maidir le cosáin faoi bhun caighdeáin in áiteanna agus roinnt deacrachtaí i gcás ina mbíonn trácht carranna agus daoine ag siúl ag an am céanna, tá roinnt oibreacha agus feabhsuithe déanta le blianta beaga anuas lena léirítear go bhfuil an insiúltacht á meas mar chuid thábhachtach de chathair nua-aimseartha na Gaillimhe, agus táthar ag súil nach hé sin é a dheireadh.

Is ábhar comhrá coitianta eile anseo é báisteach, ach réitíonn éadaí cuí go leor de seo. Is féidir léi a bheith ina leithscéal maith freisin stopadh sa teach tábhairne nó sa chaife áitiúil.

**Nótaí maidir leis an modheolaíocht:**

Rinne cuideachta neamhspleách taighde margaidh 'Behaviour & Attitudes' an suirbhé dearcaidh ó mhí Aibreáin go dtí mí Iúil 2023.

Déantar léargas sa suirbhé ar gach cónaitheoir i Limistéar Cathrach na Gaillimhe, ní orthu siúd a bhíonn ag siúl, ag gabháil thart ar áis a bhfuil rothaí uirthi nó ag rothaíocht amháin.

Faightear na sonraí eile go léir ónár gcomhpháirtithe cathrach, tacair sonraí náisiúnta nó déanann Sustrans iad a shamhaltú agus a ríomh.

Úsáidtear samhail a d'fhorbair Sustrans i meastacháin turais. Nuair a dhéantar comparáid le suirbhéanna taistil eile, d'fhéadfadh roinnt éagsúlachta a bheith ann maidir le céatadán na dturas a dhéantar de réir chuspóir an turais.

Baineadh úsáid as slánú tríd an tuarascáil. In go leor cásanna, rinneamar na figiúirí a shlánú go dtí an tslánuimhir is gaire. Seachnaítear slánú sa chás go bhféadfadh sé bheith ina chúis le mearbhall, mar shampla le meastacháin samhaltaithe a léirítear i roinne na hachoimre agus na sochar.

Tá tuilleadh eolais agus modheolaíocht mhionsonraithe ar fáil ag www.sustrans.org.uk/walking-cycling-index

---

Déanann Sustrans níos éasca é do gach duine dul ag siúl, gabháil thart ar áis a bhfuil rothaí orthu agus dul ag rothaíocht.

Oibrímid ar son pobal agus le pobail, ag cuidiú le beocht a chur iontu trí shiúl, gabháil thart ar áiseanna a bhfuil rothaí orthu agus rothaíocht chun áiteanna níos sláintiúla agus saolta níos sona a chruthú do chách.

Bígí linn ar ár dturas. www.sustrans.org.uk

Is carthanas cláraithe é Sustrans sa Ríocht Aontaithe Uimh. 326550 (Sasana agus an Bhreatain Bheag) SC039263 (Albain)

© Sustrans Márta 2024
© Grianghraif: feicphoto.com, ach amháin lth2 (Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe), lth9 (Vivien Desbrus Punch), lth15 (Amy Spain-Butler), lth17 (Wayne Wrafter), lth19 (Justine Delaney), lth21 (ÚNI) agus lth23 (Gary Higgins)

Buíochas le Seirbhís na mBealaí Oscailte as a dtacaíocht lena mbreiseán iseacróin in QGIS.

---

Tá an tionscadal á chomhordú ag Sustrans agus tá tacaíocht faighte aige ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.

NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

